CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1376 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Iúil 2022

maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le giniúint agus mórdhíol leictreachais sa Danmhairg

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 5046)

(Is é an téacs sa Danmhairgis amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le nósanna imeachta soláthair ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um chonarthaí poiblí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. **FÍRICÍ**

1.1. *AN IARRAIDH*

(1) An 24 Meán Fómhair 2021, chuir Údarás Iomaíochta agus Tomhaltóirí na Danmhairge (DCCA) ("an t-iarratasóir") iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE ("an iarraidh"). Comhlíonann an iarraidh Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Baineann an iarraidh le giniúint agus mórdhíol leictreachais ó fhoinsí traidisiúnta agus ó fhoinsí in-athnuaite sa Danmhairg.

(3) Mar sin féin, ní chumhdaítear an méid seo a leanas leis an iarraidh:

— leictreachas arna tháirgeadh le tuirbíní gaoithe ar tír agus amach ón gcósta lasmuigh de na tairiscintí;

— leictreachas arna tháirgeadh le tuirbíní gaoithe atá nasctha le heangach ón 21 Feabhra 2008 go dtí an 31 Nollaig 2013 nó níos déanaí, ach amháin i gcás tuirbíní gaoithe atá nasctha lena suiteáil tomhaltais féin agus tuirbíní gaoithe amach ón gcósta (leictreachas arna tháirgeadh ó shuiteáil tomhaltais (§ 41 den Acht um Fhuinneamh In-Athnuaite a Chur Chun Cinn) agus ó thuirbíní gaoithe amach ón gcósta de bhun § 35b den Acht sin, déantar iad a eisiamh ón gcur i bhfeidhm agus, dá bhrí sin, tá siad fós le bheith faoi réir fhorálacha Threoir 2014/25/AE);

— leictreachas arna tháirgeadh le tuirbíní gaoithe atá nasctha le heangach tráth nach déanaí ná an 20 Feabhra 2008, ach amháin i gcás tuirbíní gaoithe a fhaigheann forlíontaí ar phraghas de bhun ranna 39-41 den Acht um Fhuinneamh In-Athnuaite a Chur Chun Cinn;

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 243.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis na rialacha mionsonraithe i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagail 34 agus 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 275, 12.10.2016, lch. 39).

— leictreachas arna tháirgeadh le tuirbíní gaoithe atá nasctha le heangach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2002;

— leictreachas arna tháirgeadh le tuirbín gaoithe úrnua trí úsáid a bhaint as deimhnithe diúscartha arna n-eisiúint chun tuirbíní gaoithe a dhíchóimeáil (forlíonadh ar phraghas breise); leictreachas arna tháirgeadh le bithfhuinneamh (bithmhais agus bithghás);

— leictreachas arna tháirgeadh le grianphainéil, le tonnta agus le hidreachumhacht;

— leictreachas arna tháirgeadh ag suiteálacha speisialta eile fuinnimh in-athnuaite (leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh nó teicneolaíochtaí atá suntasach maidir le leathnú ar leictreachas in-athnuaite amach anseo nó ar leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh eile seachas na cinn thuasluaite);

— leictreachas arna tháirgeadh ag gléasraí díláraithe teasa agus cumhachta agus ag gléasraí loiscthe;

— leictreachas arna tháirgeadh ó ghléasraí teasa agus cumhachta eile lena beartaítear téamh ceantair a sholáthar;

— leictreachas arna tháirgeadh ó ghléasraí cumhachta tionsclaíocha atá nasctha le heangach tráth nach déanaí ná an 21 Márta 2012;

— seirbhísí coimhdeacha.

(4) Giniúint agus mórdhíol leictreachais ó fhoinsí traidisiúnta agus ó fhoinsí in-athnuaite, gníomhaíocht atá iontu a bhaineann le soláthar leictreachais i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2014/25/AE.

(5) I gcomhréir le pointe 1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, ós rud é gur féidir a thoimhdiú go mbeidh saor-rochtain ar an margadh ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 34(3) den Treoir sin, tá an Coimisiún le Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh maidir leis an iarraidh laistigh de 90 lá oibre.

(6) De bhun an cheathrú fomhír de mhír 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, féadfaidh an Coimisiún síneadh a chur leis an sprioc-am arna chomhaontú sin acu siúd a rinne an iarraidh ar dhíolúine. Ó tharla gur thug DCCA faisnéis bhreise an 4 Márta 2022, an tréimhse atá ar fáil don Choimisiún chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an iarraidh seo, socraítear leis seo gurb é an 31 Iúil 2022 an dáta atá i gceist léi.

2. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(7) Tá feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le leictreachas a sholáthar do líonraí fhosaithe arb é is aidhm dóibh seirbhís a sholáthar don phobal i dtaca le leictreachas a tháirgeadh, a iompar nó a dháileadh, mura rud é go bhfuil an ghníomhaíocht díolmhaithe de bhun Airteagal 34 den Treoir sin.

(8) De bhun Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, níl conarthaí atá beartaithe chun feidhmiú gníomhaíochta lena mbaineann an Treoir sin a chumasú le bheith faoi réir na Treorach sin más rud é, sa Bhallstát ina ndéantar í, go bhfuil risíocht dhíreach ag an ngníomhaíocht ar iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta. Déantar risíocht dhíreach ar iomaíocht a mheasúnú ar bhonn critéar oibiachtúil, agus saintréithe na hearnála lena mbaineann á gcur san áireamh ([3]). Tá an measúnú sin teoranta, áfach, faoi na sprioc-amanna gearra is infheidhme agus mar gheall ar an ngá atá ann brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún, faisnéis nach féidir a fhorlíonadh le modhanna níos fadálaí, lena n-áirítear, go háirithe, fiosrúcháin phoiblí atá dírithe ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ([4]). Sa chomhthéacs sin, cé gur ar bhonn critéar atá i gcomhréir le forálacha CFAE maidir le hiomaíocht atá sé le cinneadh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gníomhaíocht ris ar an iomaíocht go díreach, ní cheanglaítear go mbeadh na critéir sin díreach mar an gcéanna leo siúd dá dtagraítear i bhforálacha dhlí iomaíochta an Aontais ([5]).

([3]) Treoir 2014/25/AE, aithris 44.
([4]) Ibid.
([5]) Breithiúnas an 27 Aibreán 2016 i gCás T-463/14, *Österreichische Post AG v. Commission*, EU:T:2016:243, mír 28 agus aithris 44 de Threoir 2014/25/AE.

(9) Meastar rochtain a bheith neamhshrianta má tá an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais, ar reachtaíocht í lena n-osclaítear earnáil ar leith nó cuid di ar iomaíocht, curtha chun feidhme agus curtha i bhfeidhm ag an mBallstát. Liostaítear an reachtaíocht sin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE. Maidir le giniúint agus mórdhíol leictreachais, tagraítear san Iarscríbhinn sin do Threoir 2009/72/CE, arna haisghairm le Treoir (AE) 2019/944 ([6]) le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. De réir an iarratasóra, thrasuigh an Danmhairg Treoir (AE) 2019/944 ([7]). Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 34(3) de Threoir 2014/25/AE, is féidir a thoimhdiú go bhfuil saor-rochtain ar an margadh ann.

(10) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar risíocht dhíreach ar iomaíocht ar bhonn táscairí éagsúla, nach gá go mbeadh aon cheann acu cinntitheach as féin. Maidir leis an margadh lena mbaineann an Cinneadh seo, critéar amháin ar cheart a chur san áireamh atá i sciartha margaidh, mar aon le critéir eile, amhail an brú iomaíochta a chuireann gineadóirí ó thíortha comharsanacha nó líon na dtairgeoirí i dtairiscintí le haghaidh acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite.

(11) Is é is aidhm don Chinneadh seo a shuíomh an bhfuil na seirbhísí lena mbaineann an iarraidh ris ar leibhéal iomaíochta (i margaí nach mbíonn rochtain orthu srianta de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE) atá leordhóthanach lena áirithiú, in éagmais an smachta atá mar thoradh ar na rialacha mionsonraithe soláthair a leagtar amach i dTreoir 2014/25/AE, go ndéanfar soláthar chun na gníomhaíochtaí lena mbaineann a shaothrú ar bhealach trédhearcach neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir a ligeann do cheannaitheoirí an réiteach is buntáistí ar an iomlán go heacnamaíoch a shainaithint.

3. **MEASÚNÚ**

(12) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach ó mhí Mheán Fómhair 2021 ar aghaidh, mar is léir ón bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach agus ón bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí.

3.1. *ROCHTAIN NEAMHSHRIANTA AR AN MARGADH*

(13) Meastar rochtain ar mhargadh a bheith neamhshrianta má tá an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais, ar reachtaíocht í lena n-osclaítear earnáil ar leith nó cuid di ar iomaíocht, curtha chun feidhme agus curtha i bhfeidhm ag an mBallstát lena mbaineann. De réir an iarratasóra, thrasuigh an Danmhairg Treoir (AE) 2019/944 trí 29 mbeart náisiúnta. Dhearbhaigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge an méid sin ([8]). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le saor-rochtain *de jure* ar an margadh.

(14) A mhéid a bhaineann le saor-rochtain *de facto*, tugann an Coimisiún dá aire an dul chun cinn atá déanta maidir le léirscaoileadh mhargadh giniúna leictreachais na Danmhairge ó osclaíodh é don iomaíocht in 1999. Rannpháirtíocht na Danmhairge i malartán cumhachta Nord Pool agus forbairt toillte idirnaisc, bhí ról suntasach acu maidir le brú iomaíochta a chothú. Maidir le giniúint ó fhoinsí in-athnuaite, go háirithe feirmeacha gaoithe amach ón gcósta, tá méadú tagtha ar líon na rannpháirtithe a mheall na tairiscintí a d'eagraigh údaráis na Danmhairge.

(15) Is é conclúid an Choimisiúin go bhfuiltear le meas go bhfuil saor-rochtain *de jure* agus *de facto* ar an margadh i gcríoch na Danmhairge chun críocha an Chinnidh seo.

([6]) Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach leictreachais agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

([7]) Tá an méid sin gan dochar do mheasúnú an Choimisiúin ar thrasuí na Treorach seo sa Danmhairg.

([8]) Féach lch. 28 den iarratas.

3.2. *MEASÚNÚ IOMAÍOCH*

3.2.1. SAINIÚ AR MHARGADH TÁIRGÍ

(16) De réir chleachtas cumaisc an Choimisiúin ([9]), d'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir na margaí táirgí ábhartha seo a leanas in earnáil an leictreachais: (i) giniúint agus soláthar mórdhíola; (ii) tarchur; (iii) dáileadh; agus (iv) soláthar miondíola. Cé go bhféadfaí roinnt de na margaí sin a fhoroinnt a thuilleadh, ba é cleachtas an Choimisiúin ([10]) go dtí seo diúltú d'idirdhealú idir margadh giniúna leictreachais agus margadh soláthair mórdhíola, ós rud é nach bhfuil sa ghiniúint ach an chéad chéim sa slabhra luacha ach go ndéantar na méideanna leictreachais a ghintear a mhargú tríd an margadh mórdhíola. Deimhníodh é sin i gcomhair an réigiúin Nordaigh go sonrach ([11]).

(17) Ina chleachtas cumaisc, mheas an Coimisiún, thairis sin, gur chumhdaigh an margadh táirgí ábhartha sa réigiún Nordach leictreachas a dhíoltar trí bhíthin conarthaí déthaobhacha agus ar ardán Nord Pool araon, ar Elspot (lá roimh ré) agus ar Elbas (ionlá) araon ([12]).

(18) Áitíonn an t-iarratasóir gur cheart Comhaontuithe Ceannaithe Cumhachta corparáideacha (cPPAnna) a chur san áireamh i raon feidhme an mhargaidh ábhartha. Is conarthaí déthaobhacha iad comhaontuithe den sórt sin idir gineadóir leictreachais agus custaiméir (úsáideoir mór leictreachais de ghnáth) trína gceannaíonn an t-úsáideoir leictreachas go díreach ón ngineadóir. Déanann cuideachtaí trádála Comhaontuithe Ceannaithe Cumhachta (cPPAnna) le táirgeoirí cumhachta traidisiúnta agus in-athnuaite araon, in iomaíocht chun PPAnna a thabhairt i gcrích.

(19) Maidir le hidirbhearta déthaobhacha eile, ní mór do chustaiméirí a dhéanann PPAnna comhaontú a dhéanamh le páirtí atá freagrach as cothromú chun a míchothromaíochtaí a bhainistiú. Maidir le cothromú giniúna/táirgthe, ní mór do ghineadóirí cumhachta (amhail úinéirí feirmeacha gaoithe amach ón gcósta) cloí lena dtáirgeadh leictreachais réamh-mheasta i bhfíor-am, i.e. an táirgeadh réamh-mheasta a oiriúnú don táirgeadh iarbhír. Ní bhíonn aon tionchar ar an bhfreagracht sin ag an gcaoi a roghnaíonn an gineadóir an leictreachas a tháirgtear a dhíol, lena n-áirítear cPPAnna.

(20) Maidir le cibé acu an mbaineann leictreachas traidisiúnta agus leictreachas in-athnuaite leis an margadh táirgí céanna nó nach mbaineann, tháinig an Coimisiún ar chonclúidí éagsúla ag brath ar an staid fhíorasach. Fuair sé amach gur cheart giniúint leictreachais thraidisiúnta agus in-athnuaite sa Ghearmáin ([13]) agus san Iodáil ([14]) a mheas mar mhargaí táirgí éagsúla.

(21) I gcás na hÍsiltíre ([15]), áfach, chinn an Coimisiún go raibh giniúint agus soláthar mórdhíola leictreachais ó fhoinsí traidisiúnta agus in-athnuaite mar chuid den mhargadh táirgí ábhartha céanna. Le haghaidh an réigiúin Nordaigh, ina chleachtas cumaisc mheas an Coimisiún nach raibh foinse an leictreachais ábhartha chun críoch sainithe táirge ([16]).

(22) Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an staid sa Danmhairg éagsúil leis an staid sa Ghearmáin agus san Iodáil dá dtagraítear sa chinneadh thuas, agus go bhfuil sí cosúil leis an staid atá i gceist san Ísiltír. Sholáthair an t-iarratasóir táblaí ina sonraítear na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir cás na Danmhairge agus cásanna na Gearmáine, na hIodáile agus na hÍsiltíre faoi seach. Cuireann an t-iarratasóir in iúl gurb iad na príomhdhifríochtaí idir cásanna na Gearmáine agus na hIodáile an easpa ráta reachtúil luacha saothair, an easpa tosaíochta maidir le soláthar leictreachais agus go ndíoltar leictreachas in-athnuaite ar an margadh mórdhíola ar an bpraghas céanna le leictreachas traidisiúnta.

([9]) Cás COMP/M.4110 — E.ON/ENDESA, 25.4.2006, mír 10, lch. 3.
([10]) Cás COMP/M.3696 — E.ON/MOL, 21.1.2005, mír 223, Cás COMP/M.5467 — RWE/ESSENT, 23.6.2009, mír 23.
([11]) Féach cás M.8660 Fortum/Uniper an 15 Meitheamh 2018, mír 18. Féach freisin COMP/M.7927 – EPH/ENEL/SE, míreanna 9-12; COMP/M.6984 – EPH/Stredoslovenska Energetika, mír 15; M.3268 – Sydkraft/Graninge, míreanna 19-20.
([12]) Féach cás M.8660 Fortum/Uniper an 15 Meitheamh 2018, mír 18. Féach freisin COMP/M.7927 – EPH/ENEL/SE, míreanna 9-12; COMP/M.6984 – EPH/Stredoslovenska Energetika, mír 15; M.3268 – Sydkraft/Graninge, míreanna 19-20.
([13]) (IO L 114, 26.4.2012, lch. 21), míreanna 36-40.
([14]) (IO L 271, 5.10.2012, lch. 4), míreanna. 46-50.
([15]) (IO L 12, 17.1.2018, lch. 53), míreanna 19-23.
([16]) Féach cás M.8660 Fortum/Uniper an 15 Meitheamh 2018, mír 18.

(23) Ina chinneadh cumaisc Fortum/Uniper ([17]), mheabhraigh an Coimisiún gur chumhdaigh an margadh táirgí ábhartha sa réigiún Nordach giniúint agus mórdhíol leictreachais araon, gan beann ar fhoinsí giniúna agus bealaí trádála, agus gurbh éard a bhí ann leictreachas a díoladh trí bhíthin conarthaí déthaobhacha agus ar an malartú cumhachta Nordach, Nord Pool.

(24) Maidir le leictreachas arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite, cumhdaítear leis an iarraidh na feirmeacha gaoithe amach ón gcósta Horns Rev 3, Vesterhav Syd, Vesterhav Nord agus Kriegers Flask, chomh maith leis na feirmeacha gaoithe atá le teacht, lena n-áirítear an fheirm ghaoithe amach ón gcósta Thor. Bhí na scéimeanna tacaíochta uile lena mbaineann faoi réir cinntí ón gCoimisiún lena ndeimhnítear a gcomhoiriúnacht do rialacha an Aontais maidir le Státchabhair ([18]).

(25) Thairis sin, tá laghdú go dtí an íosmhéid tagtha ar na préimheanna a íoctar as táirgeadh gaoithe a bhuí leis an iomaíocht mhéadaithe le haghaidh giniúna. I gcás na bhfeirmeacha gaoithe uile thuasluaite, d'eagraigh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge tairiscint oscailte chun leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite. Bhí ceithre thairgeoir ag Horns Rev 3 (400 MW), a tionóladh in 2015, bhí seacht gcinn ag Kriegers Flak (600 MW), a tionóladh in 2016, agus bhí trí cinn ag Vesterhav Nord/Sud (350 MW), a tionóladh in 2016.

(26) Tá fálú riosca á dhéanamh roimh na nósanna imeachta tairisceana, agus tá tuiscint níos fearr anois ag údaráis na Danmhairge ar an margadh agus tá fíor-idirphlé margaidh curtha ar bun acu.

(27) Tháinig laghdú suntasach freisin ar chostais iomlána na dteicneolaíochtaí in-athnuaite amhail tuirbíní gaoithe amach ón gcósta nó grianphainéil. Dá bhrí sin, préimh 105 øre/kWh a bhí sa tairiscint a bhuaigh in 2010 le haghaidh na Feirme Gaoithe Amach ón gCósta Anholt agus préimh 37 øre/kWh a bhí sa tairiscint a bhuaigh in 2016 le haghaidh na Feirme Gaoithe Amach ón gCósta Kriegers Flak.

(28) Tá sé beartaithe ag an Danmhairg freisin trí fheirm gaoithe ar mórscála nua amach ón gcósta a sheoladh. Beidh acmhainneacht thart ar 800 MW ag an gcéad fheirm ghaoithe amach ón gcósta, agus beidh acmhainneacht 800 MW ar a laghad ag na feirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá fágtha. Glaofaidh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge ar thairiscintí i scéimeanna tairisceana le haghaidh gach feirme gaoithe amach ón gcósta amach anseo.

(29) Mar a rinne sé i gCinneadh díolúine Cur Chun Feidhme 2018/71 ([19]) ón gCoimisiún dá chuid maidir le giniúint agus mórdhíol leictreachais san Ísiltír, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil leithdháileadh na bhfóirdheontas ris ar iomaíocht trí phróiseas tairisceana lena gcuirtear smacht ar iompar táirgeoirí leictreachais in-athnuaite maidir lena mbeartas soláthair. Leis sin, cuirtear giniúint leictreachais thraidisiúnta agus in-athnuaite (i gcás na bhfeirmeacha gaoithe sin amach ón gcósta atá faoi réir na hiarrata) ar comhchéim sa Danmhairg.

(30) Chun meastóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta, measann an Coimisiún gurb é an margadh táirgí ábhartha an margadh le haghaidh giniúint agus soláthar mórdhíola leictreachais, lena n-áirítear cPPAnna, arna tháirgeadh ó fheirmeacha gaoithe traidisiúnta chomh maith le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá faoi réir an iarratais ar dhíolúine.

([17]) Féach cás M.8660 Fortum/Uniper an 15 Meitheamh 2018, mír 18, chomh maith le cásanna COMP/M.7927 — EPH/ENEL/SE, míreanna 9-12; COMP/M.6984 — EPH/Stredoslovenska Energetika, mír 15; M.3268 — Sydkraft/Graninge, míreanna 19-20.

([18]) Cásanna SA.40305, SA.43751, SA.45974 agus SA.57858.

([19]) (IO L 12, 17.1.2018, lch. 55).

3.2.2. SAINIÚ AR AN MARGADH GEOGRAFACH

(31) In 2006, shainigh an Coimisiún ([20]) i gcinneadh cumaisc dhá mhargadh gheografacha ar leithligh le haghaidh mórdhíol leictreachais: Oirthear na Danmhairge ("DK2") agus Iarthar na Danmhairge ("DK1"), toisc ag an am sin nach raibh aon idirnasc díreach idir an dá limistéar tairisceana (nó praghsanna) de chuid na Danmhairge. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid chéanna sa chinneadh *DE/DK Interconnector* in 2018 ([21]).

(32) In 2014, rinne Comhairle Iomaíochta na Danmhairge imscrúdú ar an margadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Danmhairg ina cinneadh maidir le Gléasra Fíorúil Cumhachta ("VPP") ([22]). Leis an gcinneadh sin, rinne Comhairle Iomaíochta na Danmhairge na gealltanais a thug Elsam A/S roimhe sin i gcumasc idir Elsam A/S agus Nesa A/S in 2004 a aisghairm. Thacaigh Comhairle Iomaíochta na Danmhairge go páirteach le margadh geografach níos mó ná DK1. Tá DK1 nasctha leis an Iorua, leis an tSualainn agus leis an nGearmáin trí naisc tharchuir. Bhí an praghas mórdhíola ar leictreachas fisiciúil in DK1 difriúil leis na criosanna praghais nasctha go léir i níos lú ná 10 % d'uaireanta an chloig le linn 2013. I bhformhór na n-uaireanta, bhí praghas mórdhíola ag DK1 a bhí comhionann le ceann amháin ar a laghad de na criosanna praghais nasctha, a thacaigh le margadh geografach níos leithne ná an Danmhairg Thiar. Fágadh ina cheist gan fhreagra é, áfach, cibé acu an raibh margadh geografach níos leithne ann ná sa Danmhairg Thiar nó nach raibh. In 2019, maidir leis an margadh giniúna agus mórdhíola leictreachais chuir Comhairle Iomaíochta na Danmhairge ([23]) in iúl go raibh sé náisiúnta ina raon feidhme, ach d'fhág sí ina cheist gan fhreagra é ar cheart sainiú níos leithne agus níos cúinge ar an margadh geografach a shainiú nó nár cheart. Bhí an chonclúid sin bunaithe ar na fasaigh seo a leanas: 1) an *cinneadh M.8660 Fortum/Uniper* inar chinn an Coimisiún maidir le margadh náisiúnta a bheith ann sa tSualainn, 2) an *cinneadh M.3268 Sydkraft and Graninge* inar chinn an Coimisiún nach raibh an tSualainn ina margadh ar leith ón bhFionlainn agus ón Danmhairg ach ar feadh ar líon beag uaireanta an chloig, rud a chuir in iúl go raibh an margadh mórdhíola le haghaidh leictreachais níos leithne ina raon feidhme ná mar a bhí sé náisiúnta, agus 3) *cinneadh VPP* de chuid Chomhairle Iomaíochta na Danmhairge inar aimsigh sé tásca go raibh margadh geografach níos mó ann ná DK1 mar gheall ar fhorbairtí laistigh den mhargadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Danmhairg. Ó bhí 2006 ann, tá méadú suntasach tagtha ar an toilleadh idirnaisc idir an Danmhairg agus tíortha comharsanacha. Go háirithe, cuireadh idirnascairí Skagerrak (leis an Iorua), Kontiskan (leis an tSualainn) agus Kontek (leis an nGearmáin) i mbun seirbhíse nó leathnaíodh iad. Coimisiúnaíodh cábla Cobra (leis an Ísiltír) in 2019. Laistigh den Danmhairg, nascann Store Bælt Iarthar agus Oirthear na Danmhairge anois.

(33) Léiríonn an fhianaise a sholáthair an t-iarratasóir ([24]) go bhfuil méadú ag teacht ar chomhghaol na bpraghsanna idir Oirthear agus Iarthar na Danmhairge, chomh maith le criosanna praghsanna comharsanacha na Sualainne, na hIorua agus na Gearmáine (SE3, SE4, NO2 agus DE). Mar shampla, bhí an praghas céanna in DK1 agus a bhí i gceann de na limistéir eile (DK2, SE3, SE4, NO2 agus DE) le haghaidh 91.7 % in 2013 agus 96,3 % in 2018; in DK2, 97,8 % in 2013 agus 98,6 % in 2018 a bhí ann. Os a choinne sin, thit uaireanta an chloig ina raibh an praghas i limistéar DK1 difriúil leis na limistéir eile ó 8,3 % go 3,7 % ó 2013 go 2018; in DK2, thit an céatadán ó 2,2 % to 1,4 %.

(34) Dar le Energinet, tá toilleadh an-mhór ag an Danmhairg ar na hidirnascairí lena tíortha comharsanachta, arb ionann é agus thart ar 90 % dá buaicéileamh intíre. Tugtar le tuiscint mar gheall ar an dlúth-chomhtháthú le tíortha comharsanacha na Danmhairge nach mbíonn spotphraghas margaidh ar leithligh ag an Danmhairg ar leictreachas ach le linn thart ar 10 % den am. Le linn an ama eile, bíonn an praghas mórdhíola i gcoiteann leis an Iorua, an tSualainn nó an Ghearmáin.

(35) In 2019, bhí toilleadh trádála 90 % de thoilleadh iomlán an idirnascaire i dtreo an onnmhairiúcháin ar fáil sa nasc idirnáisiúnta idir Oirthear na Danmhairge (DK2) agus an Ghearmáin, agus 95 % i dtreo an allmhairiúcháin. Bhí toilleadh trádála i dtreo an onnmhairiúcháin idir 60 agus 88 % de thoilleadh iomlán an idirnascaire ar fáil sna naisc eachtracha eile. Bhí an toilleadh trádála níos ísle idir Iarthar na Danmhairge (DK1) agus an Iorua agus an tSualainn

([20]) (IO L 133, 25.5.2007, lch.24).
([21]) (IO C 58, 14.2.2019, lch. 7).
([22]) Comhairle Iomaíochta na Danmhairge, DONG Energys anmodning om ophævelse af VPP tilsagn, 2014: https://www.kfst.dk/media/13295/20140528-ikkefortrolig-afgoerelse-dong.pdf
([23]) Cinneadh ó Chomhairle Iomaíochta na Danmhairge an 25 Meitheamh 2019: https://www.kfst.dk/media/54483/20190625-fusion-se-eniig.pdf
([24]) Féach an t-iarratas, míreanna 94 go 97.

in 2019 i gcomparáid le 2018. Ar an taobh eile, bhí an toilleadh trádála in aghaidh na Gearmáine níos airde sa dá limistéar tairisceana sa Danmhairg. Tá nasc Cobra tar éis toilleadh trádála atá ar fáil i dtreo an onnmhairiúcháin agus an allmhairiúcháin a bheith aige de 87 % de thoilleadh iomlán an idirnascaire in 2019.

(36) Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil srianta praghsála ann ar an dá chrios ón taobh amuigh: Tá na praghsanna céanna in DK1 agus atá sna limistéir eile le linn 89,3 % de na huaireanta, agus in DK2 le linn 98,4 % de na huaireanta. Le haghaidh tagartha, i mír 28 den chinneadh maidir le cumasc *Fortum/Aonad*, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur margadh geografach aonair atá sna ceithre chrios tairisceana sa tSualainn toisc go raibh praghas coiteann acu le linn 89,7 % d'uaireanta an chloig. Tugann an Coimisiún dá aire freisin, de réir an iarratasóra, go bhfuil na ceithre ghníomhaí is mó a bhfuil sciar níos airde ná 10 % acu den mhargadh i láthair in DK1 agus DK2 araon.

(37) Chun meastóireacht a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta, measann an Coimisiún gur féidir an margadh geografach ábhartha agus an margadh le haghaidh giniúint agus soláthar mórdhíola leictreachais, lena n-áirítear cPPAnna, arna tháirgeadh ó fhoinsí traidisiúnta chomh maith leis na foinsí in-athnuaite sin atá faoi réir an iarratais, a fhágáil ar oscailt, i gcás margadh ar leithligh le haghaidh DK1 agus DK2 nó i gcás margadh náisiúnta aonair sa Danmhairg.

3.2.3. ANAILÍS MHARGAIDH

(38) Tá ríomhanna agus tásca na scaireanna margaidh uile a bhaineann le sciar na giniúna leictreachais bunaithe ar ionchur ón iarratasóir.

(39) Cuireann an Coimisiún roinnt tosca san áireamh ina chuid anailíse. Cé gur gné thábhachtach atá i sciartha margaidh, cuirtear an brú iomaíochta a chuireann gineadóirí ó thíortha comharsanacha agus líon na dtairgeoirí i dtairiscintí le haghaidh acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite san áireamh freisin.

(40) Maidir leis an margadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Danmhairg, tá trí phríomhghníomhaí sa mhargadh faoi láthair faoi réir rialacha soláthair phoiblí de bhun Threoir 2014/25/AE. Is iad sin Ørsted A/S (dá ngairtear Ørsted anseo feasta) (50,1 % faoi úinéireacht stát na Danmhairge), an fhochuideachta Dhanmhargach Vattenfall, Vattenfall AB (dá ngairtear Vattenfall anseo feasta) (100 % faoi úinéireacht stát na Sualainne) agus HOFOR Energiproduktion A/S (dá ngairtear HOFOR anseo feasta), faoi úinéireacht bhardas Chóbanhávan ar deireadh.

(41) Faoi láthair tá 18 gcuideachta chuid na Danmhairge ag trádáil in Nord Pool. I gcomhréir le Treoir 2014/25/AE, ní gnóthais phoiblí iad formhór na gcuideachtaí sin, amhail Danske Commodities agus Centrica Energy Trading.

(42) In 2018 agus 2019, ba é an sciar den mhargadh a bhí ag Ørsted ar mhargadh comhcheangailte DK1-DK2 (i dtéarmaí giniúna) [20 go 30] % agus [10 go 20] % faoi seach, [5 go 10] % agus [10 go 20] % an sciar den mhargadh a bhí ag Vattenfall agus [0 go 5] % agus [0 go 5] % an sciar den mhargadh a bhí ag HOFOR. Is iad Vindenergi Danmark (sciar [40 go 50] % agus [40 go 50] % den mhargadh) agus Energi Danmark ([10 go 20] % agus [10 go 20] %) na hiomaitheoirí is mó sna cuideachtaí sin, ar cuideachtaí iad nach gcumhdaítear le rialacha soláthair phoiblí. Bhí sciartha den mhargadh ar mhargaí DK1 agus DK2 sa raon céanna den chuid is mó (Ørsted [20 go 30] % in DK1 agus [10 go 20] % in DK2 in 2018, [20 go 30] % in DK1 agus [10 go 20] % in DK2 in 2019, Vattenfall [5 go 10] % in DK1 agus [0 go 5] % in DK2 in 2018, [10 go 20] % in DK1 agus [0 go 5] % in DK2 in 2019, HOFOR [0 go 5] % in DK1 agus [5 go 10] % in DK2 in 2019). Dá mbeadh an margadh geografach ábhartha níos leithne ná an Danmhairg, bheadh na sciartha sin den mhargadh níos lú.

(43) Gné an-suntasach de mhargadh leictreachais na Danmhairge is ea allmhairí agus onnmhairí. In 2018 agus 2019, thart ar 33,5 TWh a bhí tomhaltas leictreachais. Thart ar 45,6 % den tomhaltas iomlán a bhí in allmhairí in 2018, agus chumhdaigh an táirgeadh náisiúnta 41 % den tomhaltas in 2018 agus 48 % in 2019. Tá onnmhairí suntasach freisin, mar ba ionann iad agus 73 % agus 62 % de tháirgeadh leictreachais na Danmhairge in 2018 agus 2019.

(44) Léiríonn sé sin chomh mór agus atá margadh leictreachais na Danmhairge comhtháite i margadh geografach níos leithne agus, mar thoradh air sin, an brú iomaíochta a chuireann gineadóirí leictreachais ó thíortha eile, ar tíortha comharsanacha iad go háirithe ach ní go heisiach, ar tháirgeoirí na Danmhairge trí idirnascairí trasteorann.

(45) Maidir le spotphraghsanna mórdhíola, socraítear praghsanna Nordacha ar mhalartán Nord Pool. Ba iad EUR 38,50 agus EUR 39,84 MWh faoi seach an meánphraghas in aghaidh na huaire sa spotmhargadh i gcomhair DK1 agus DK2 in 2019, ar laghdú 13 % é sa dá limistéir ó 2018. Ba é EUR 38,94/MWh praghas an chórais in 2019. Is é praghas an chórais Nordaigh an spotphraghas samhailteach a bheadh tar éis a bheith ann dá mba limistéar tairisceana amháin é an réigiún Nordach ar fad. Go ginearálta bíonn praghsanna níos ísle in DK1 ná DK2 mar gheall ar thoilleadh na dtuirbíní gaoithe suiteáilte in DK1 atá réasúnta mór, rud a chabhraíonn le praghsanna a bhrú síos. Ba é EUR 39,28/MWh an meán-spotphraghas in 2019 san Iorua, EUR 37,68/MWh sa Ghearmáin agus EUR 38,79/MWh sa tSualainn, praghsanna an-chosúil leis an bpraghas in DK1 agus DK2.

(46) Sa Danmhairg, déantar thart ar 6 % den leictreachas a thrádáil sa mhargadh aonair ionlae Eorpach XBID. Tá an margadh ionlae bunaithe ar thrádáil leanúnach le trádálacha a dhéantar ar an bpraghas tairisceana, seachas an margadh lá roimh ré atá bunaithe ar cheant le praghas imréitigh aonair. Úsáidtear an margadh ionlae chun pleananna tomhaltais agus táirgthe a choigeartú maidir le *inter alia* iarmhéideanna punainne a athbhunú. Ciallaíonn sé sin go dtosóidh an praghas sa mhargadh ionlae i gcomhair gach uair an chloig ar an spotphraghas agus ansin bogfaidh sé suas nó síos má bhíonn imeachtaí gan choinne ann le linn na fuinneoige trádála. Ba é EUR 35,1/MWh meánphraghas bliantúil an mhargaidh ionlae in DK1 in 2019. In DK2, EUR 36,7/MWh a bhí ann. In 2018, ba é EUR 40,4/MWh an meánphraghas in DK1 agus EUR 41,9/MWh in DK2.

(47) Léiríonn ríomhanna breise a áirítear san iarratas ([25]) gurb ionann na praghsanna in DK1 agus DK2 agus na cinn i gceann amháin nó níos mó de na criosanna praghsanna comharsanacha formhór mór an ama. In 2018 agus 2019, b'ionann na praghsanna in DK1 agus i réimse praghsála eile sa réigiún (DK2, SE3, SE4, NO2 agus DE) 94,8 % agus 96,3 % den am; b'ionann na praghsanna in DK2 agus i réimse praghsála eile sa réigiún (DK1, SE3, SE4, NO2 agus DE) 98,8 % agus 98,6 % den am. Ina theannta sin, tá an comhghaol idir dhá chrios na Danmhairge agus an córas Nordach agus praghas mórdhíola na Gearmáine sách ard, i raon idir 64 % agus 83 % le linn na tréimhse 2017-2018.

(48) Tá toilleadh an-mhór ag an Danmhairg ar na hidirnascairí lena tíortha comharsanachta, arb ionann é agus thart ar 90 % dá buaicéileamh intíre. Tugtar le tuiscint mar gheall ar an dlúth-chomhtháthú le tíortha comharsanacha na Danmhairge nach mbíonn spotphraghas margaidh ar leithligh ag an Danmhairg ar leictreachas in DK1 agus DK2 ach thart ar 10 % den am. Le linn an ama eile, bíonn an praghas mórdhíola in DK1 agus DK2 i gcoiteann leis an Iorua, an tSualainn nó an Ghearmáin.

(49) Measann an Coimisiún go léiríonn na heilimintí sin cóineasú an-láidir idir praghsanna leictreachais sa Danmhairg agus praghsanna i dtíortha an réigiúin Nordaigh agus sa Ghearmáin.

3.2.4. CONCLÚID

(50) Faoi réir na hiarrata, tá sciar teoranta den mhargadh ag eintitis chonarthacha ar an margadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Danmhairg.

(51) Léiríonn an leibhéal ard allmhairí agus onnmhairí leictreachais i gcomparáid le giniúint leictreachais na Danmhairge, in éineacht leis an toilleadh idirnaisc le tíortha comharsanacha, go bhfuil an margadh mórdhíola leictreachais sa Danmhairg comhtháite go mór i margadh trasnáisiúnta níos leithne. Fiú mura gá go mbeadh an margadh geografach trasnáisiúnta, cuireann allmhairí leictreachais go dtí an Danmhairg brú iomaíochta ar phraghsanna mórdhíola leictreachais na Danmhairge le linn líon suntasach uaireanta an chloig gach bliain.

(52) Deimhnítear an méid sin a thuilleadh leis na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir maidir le praghsanna mórdhíola, rud a léiríonn go bhfuil praghsanna na Danmhairge an-chosúil le praghsanna ar fud Nord Pool agus praghsanna sa Ghearmáin.

(53) Is é is aidhm don Chinneadh seo a shuíomh an bhfuil gníomhaíochtaí giniúna agus mórdhíola leictreachais ris ar leibhéal iomaíochta mar sin (ar mhargaí nach mbíonn rochtain orthu saor in aisce) lena n-áiritheofar, in éagmais an smachta atá mar thoradh ar na rialacha mionsonraithe soláthair a leagtar amach i dTreoir 2014/25/AE, go ndéanfar an soláthar chun na gníomhaíochtaí lena mbaineann a shaothrú ar bhealach trédhearcach neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir a ligeann don eintiteas conarthach an réiteach is buntáistí ar an iomlán go heacnamaíoch a shainaithint.

([25]) Féach an t-iarratas, mír 95.

(54) I bhfianaise na dtosca a scrúdaíodh thuas, is féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go bhfuil an ghníomhaíocht giniúna agus mórdhíola leictreachais ó fhoinsí traidisiúnta agus ó fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá faoi réir nós imeachta tairisceana sa Danmhairg ris go díreach ar iomaíocht ar mhargadh nach bhfuil rochtain air teoranta, de réir bhrí Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE.

4. **CONCLÚID**

(55) Chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta, eascraíonn sé as aithrisí 11 go 53 go bhfuil giniúint agus mórdhíol leictreachas ó fhoinsí traidisiúnta agus ó fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta atá faoi réir nós imeachta tairisceana sa Danmhairg ris ar iomaíocht ar mhargadh nach bhfuil rochtain air teoranta, de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE. Dá bhrí sin, níor cheart do Threoir 2014/25/AE leanúint d'fheidhm a bheith aici maidir le conarthaí atá beartaithe chun saothrú na gníomhaíochta sin sa Danmhairg a chumasú.

(56) Ba cheart do Threoir 2014/25/AE leanúint d'fheidhm a bheith aici maidir le conarthaí lena mbeartaítear saothrú gníomhaíochtaí atá eisiata go sonrach ón iarraidh a chumasú.

(57) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 go dtí mí an Mhárta 2022 mar is léir ón bhfaisnéis a chuir na hiarratasóirí isteach. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh air, mura gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE a thuilleadh, tar éis athruithe móra ar an staid dhlíthiúil nó fhíorasach.

(58) Meabhraítear go bhforáiltear le hAirteagal 16 de Threoir 2014/23/AE ([26]) maidir le díolúine ó chur i bhfeidhm na Treorach sin maidir le lamháltais arna ndámhachtain ag eintitis chonarthacha i gcás inar suíodh, i gcás an Bhallstáit ina bhfuil na lamháltais le déanamh, de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE go bhfuil an ghníomhaíocht ris go díreach ar an iomaíocht i gcomhréir le hAirteagal 34 den Treoir sin. Ós rud é gur thángthas ar an gconclúid go bhfuil an ghníomhaíocht táirgthe agus mórdhíola leictreachais atá faoi réir na hiarrata ris ar iomaíocht ar mhargadh nach bhfuil rochtain air teoranta, déanfar conarthaí lamháltais arb é is aidhm dóibh feidhmíocht na ngníomhaíochtaí sin sa Danmhairg a chumasú a eisiamh ó réimse chur i bhfeidhm Threoir 2014/23/AE.

(59) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Comhairleach um Chonarthaí Poiblí.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal aonair

Ní bheidh feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis chonarthacha agus lena mbeartaítear giniúint agus mórdhíol leictreachais ó fhoinsí traidisiúnta agus foinsí in-athnuaite sa Danmhairg a chumasú, arna gcumhdach leis an iarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE.

Is chuig Ríocht na Danmhairge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Thierry BRETON
Comhalta den Choimisiún

([26]) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).